Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
Preaseisiúint Uimh. 15/20
Lucsamburg, 13 Feabhra 2020

Éisteacht shollúnta na Cúirte Breithiúnais

Gealltanas Sollúnta bheirt Chomhaltaí nua de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an Ombudsman Eorpaigh arna thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

I gcomhréir leis na Conarthaí agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, trí chinneadh an 16 Nollaig 2019, cheap Comhairle na hEorpa François-Roger Cazala, Francach, agus Joëlle Elvinger, Lucsamburgach, mar chomhaltaí de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa don tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2025.

De bhun Airteagal 228 CFAE, d'atogh Parlaimint na hEorpa, trí chinneadh an 18 Nollaig 2019, Emily O'Reilly, Éireannach, mar Ombudsman Eorpach go gceann tréimhse cúig bliana go dtí deireadh an téarma pharlaimintigh.

I rith éisteacht shollúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, inniu ar 12:00, thug na comhaltaí nua de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus an tOmbudsman Eorpach ar ócáid a hathnuachan, an gealltanas sollúnta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Uimhir theagmhála don phreas: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355